FORWARD PLANNING

28 JUL 2021

GALWAY COUNTY COUNCIL
RECEIVED

Dáta:

Pleanáil Chun Cinn,
Comhairle Contae na Gaillimhe,
Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc,
Gaillimh.

**AG: Dréacht-Phlean Forbartha Chomhairle Contae na Gaillimhe 2022-2028 -Aguisín 1 LARES Stráitéis Fuinnimh In-Athnuaite/Renewable Wind Energy Strategy ('An Phlean')**

A Chara,

Ag tagairt den Phlean thuasluaite.

Tá mé ag cur in aghaidh go láidir go mbeadh áiteacht i gceantar Chois Fharraige zónáilte mar áiteacha a bheadh feiliúnach le haghaidh fuinnimh in-athnuaite rud a chiallódh go mbeadh tuirbíní gaoithe in sna h-áiteacha sin amach anseo.

Tuigim go dteastaíonn fuinnimh in-athnuaite agus tá mé ar a shon ach ní in sna háiteacha atá luaite i nDréacht-Phlean Forbartha Chomhairle Contae na Gaillimhe 2022-2028. Tá an zónáil os cionn tithe i roinnt mhaith áiteacha agus an-ghar do thithe in áiteacha eile.

Cuirfidh sé seo as do shláinte na ndaoine atá ina gcónaí sna ceantair sin agus iad buailte ag 'shadow flicker' agus bodharaí ag an torann a bheas ag teacht óna tuirbíní gaoithe. Cuirfidh sé as freisin don Ghaeilge nuair nach mbeidh daoine óga i ndán cónaí sa gceantar a rugadh agus a toigeadh iad.

Chomh maith leis sin, cuirfidh sé as do na héanacha, na hainmhithe agus don nadúr uilig sna háiteacha sin go brách.

Iarraim ort le do thoil ceantar ón Spidéal siar go dtí na Minna i gCois Fharraige a thógáil amach as 'An Plean' mar cheantar a bheadh feiliúnach d'fhorbairt agus zónáil den tsórt seo.

Is mise, le meas

Margit Andreasen

Redacted personal info